**C O M H A O N T Ú  C O T O N O U  A C C - A E**

**EAGRAÍOCHT NA STÁT SAN AFRAIC, I MUIR CHAIRIB AGUS SAN AIGÉAN CIÚIN**

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**ACP/21/005/23**

**ACP-UE 2108/23**

# TUARASCÁIL

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Tuarascáil ó Chomhairle Airí ACC-AE chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE 2022-2023 |

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, dá ngairtear 'Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE' anseo feasta, cuireann Comhairle Airí ACC-AE leis seo a tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in 2022-2023 faoi bhráid Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE.

# TUARASCÁIL Ó CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE

# CHUIG COMHTHIONÓL PARLAIMINTEACH ACC-AE

# MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME

# CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA ACC-AE

(2022-2023)

ÁBHAR

Leathanach

I. Réamhrá 4

II. Gníomhaíochtaí Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin i réimsí sonracha comhair 5

1. Comhar polaitiúil 5
2. Forbairt eacnamaíoch agus comhar trádála 6
3. Comhar i maoiniú na forbraíochta 6

III. Forbhreathnú ar obair Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin, agus na doiciméid a glacadh 7

1. Cruinnithe 7
2. Cinntí 7
3. Doiciméid pholaitiúla 8

# I. RÉAMHRÁ

Bhí an bhliain 2022 dírithe ar an gcomhar a bheidh ann amach anseo a mheas agus ullmhú lena aghaidh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát ACC. Ina theannta sin, phléigh Comhairle Airí ACC-AE cúrsaí reatha domhanda in 2022, lena n-áirítear slándáil bia agus fuinnimh agus lean sí den idirphlé maidir le comhar i bhfóraim idirnáisiúnta idir an dá thaobh.

I gcomhthráth leis sin, lean Comhairle Airí ACC-AE le forbairt an chomhair pholaitiúil ACC-AE i réimsí eile a bhaineann leis na trí cholún atá aici: an comhar polaitiúil, an comhar eacnamaíoch agus trádála, agus an comhar i maoiniú na forbraíochta.

## II. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN I RÉIMSÍ SONRACHA COMHAIR

### 1. Comhar polaitiúil

In 2022, dhírigh Comhairle Airí ACC-AE ar chomhar polaitiúil i dtrí phríomhréimse: cúrsaí reatha domhanda, lena n-áirítear slándáil bia agus fuinnimh, an Comhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát ACC, agus comhar idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát ACC i bhfóraim idirnáisiúnta.

Sa phlé ar chúrsaí reatha domhanda, d'athdhearbhaigh na Páirtithe an tábhacht mhór atá le Cairt na Náisiún Aontaithe maidir leis an smacht reachta a chur chun cinn i measc na náisiún, thug siad dá n-aire a n-iarrachtaí faoi seach aghaidh a thabhairt ar shlándáil bia agus fuinnimh agus mhol siad go leanfaí den chomhair maidir leis na hábhair thábhachtacha sin.

Phléigh na Páirtithe an staid imeartha maidir le bailchríoch a chur ar an bpróiseas chun Comhaontú Comhpháirtíochta nua AE-ESACC a shíniú, agus mhol siad go síneofaí agus go n-ullmhófaí é go tráthúil lena chur i bhfeidhm.

Mheas an dá thaobh gur príomhghné den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua ab ea an comhar a neartú i bhfóraim idirnáisiúnta. Rinne na Páirtithe measúnú ar thorthaí Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP27) agus mhol siad go n-ullmhófaí COP28. Chomhaontaigh siad leanúint den chomhar chun rannchuidiú le rath an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP15) i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht. Thug siad dá n-aire tionscnaimh na Slóivéine, na Spáinne, Bharbadós, Shead agus Vanuatú.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 29 Samhain 2022, scrúdaigh Comhairle Airí ACC-AE torthaí sheisiúin Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE ó 2019 go 2022, a tionóladh i mBúcairist agus in Kigali in 2019, i suíomh fíorúil in 2020 agus in 2021, agus in Strasbourg agus i Mapútó in 2022. Ghlac sí an tuarascáil chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE 2019-2022.

## 2. Forbairt eacnamaíoch agus comhar trádála

Bhí forbairt eacnamaíoch agus comhar trádála go mór ar chlár oibre Chomhairle Airí ACC-AE.

Maidir le comhar trádála, dhírigh plé Chomhairle Airí ACC-AE ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche, chomh maith le raon leathan saincheisteanna agus tionscnaimh de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar chóras trádála ACC-AE. Thairis sin, bhí seisiún tuairimíochta ag na Páirtithe maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus maidir leis an troid i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, d'aithin siad cóineasú na dtuairimí maidir le tábhacht na réimsí beartais sin agus spreag siad idirphlé neartaithe maidir leis na hábhair sin.

## 3. Comhar i maoiniú na forbraíochta

Sa réimse um chomhar i maoiniú na forbraíochta, phléigh na Páirtithe cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Forbraíochta agus na hIonstraime um Comharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Thug Comhairle Airí ACC-AE dá haire an fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir leis an Straitéis Global Gateway, a hábharthacht d'Eagraíocht na Stát ACC agus do chur chun feidhme na hIonstraime um Comharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

## III. FORBHREATHNÚ AR OBAIR CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, AGUS NA DOICIMÉID A GLACADH

### 1. Cruinnithe

D'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a shaothrú, tionóladh na cruinnithe seo a leanas de Chomhairle Airí ACC-AE agus dá comhlachtaí ullmhúcháin:

– Comhairle Airí ACC-AE (an Bhruiséil, an Bheilg, an 29 Samhain 2022)[1]

Tá sonraí an chruinnithe leagtha amach i dtorthaí imeachtaí an chruinnithe.

Bhí díospóireacht ag Comhairle Airí ACC-AE freisin le Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE ag an 43ú seisiún de Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE, a tionóladh sa Bhruiséil, an Bheilg, ón 24-28 Meitheamh 2023.

### 2. Cinntí

In 2022-2023, glacadh na Cinntí seo a leanas d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a bhaint amach:

– Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 30 Meitheamh 2023 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[2]

– Cinneadh Uimh. 2/2023 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 25 Deireadh Fómhair 2023 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[3].

[1] Toradh na n-imeachtaí: ACP/21/003/23 – ACP-UE 2104/23
[2] ACP/21/002/23 – ACP-UE 2101/23
[3] ACP/22/004/23 – ACP-UE 2105/23

## 3. Doiciméid pholaitiúla

Ghlac Comhairle Airí ACC-AE an doiciméad seo a leanas de chineál polaitiúil:

– Tuarascáil ó Chomhairle Airí ACC-AE chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE in 2019-2022[4], a ghlac Comhairle Airí ACC-AE an 29 Samhain 2022.

---

[4] ACP/21/003/22 – ACP-UE 2103/22